**Leasú 52**

**Pierre Larrouturou, Billy Kelleher, Matjaž Nemec, Mounir Satouri, François Thiollet, Barry Andrews, Sabrina Pignedoli, Milan Brglez, Manon Aubry, Anne-Sophie Pelletier, Alfred Sant, Piernicola Pedicini, Maria Arena, Idoia Villanueva Ruiz, Izaskun Bilbao Barandica, Ana Miranda, María Soraya Rodríguez Ramos, Rosa D'Amato, Saskia Bricmont, David Cormand, Stelios Kouloglou, Giuliano Pisapia, Alessandra Moretti, Jakop G. Dalunde, Silvia Modig, Diana Riba i Giner, Caroline Roose, Nikolaj Villumsen, Benoît Biteau, Abir Al-Sahlani, Claude Gruffat, Samira Rafaela, Damien Carême, Patrizia Toia, Alice Kuhnke, Pär Holmgren, Malin Björk, Dimitrios Papadimoulis, Marisa Matias, Marie Toussaint, Margrete Auken, José Gusmão, Franco Roberti, Leila Chaibi, Lydie Massard**

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 67**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 67. á aithint go bhfuil ceart chun féinchosaint ag Iosrael, mar atá cumhdaithe agus srianta leis an dlí idirnáisiúnta, agus ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, nach mór do ghníomhaíochtaí Iosrael cloí go docht leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á athdhearbhú go dtacaíonn an tAontas go láidir le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé idirdhealú a dhéanamh idir muintir na Palaistíne agus a gcuid mianta dlisteanacha ar thaobh amháin, agus eagraíocht sceimhlitheoireachta Hamas agus a gníomhartha sceimhlitheoireachta ar an taobh eile; á iarraidh go n-osclófar bealaí chun cabhair dhaonnúil a sholáthar do shibhialtaigh i Stráice Gaza agus go gcoinneofaí iad ar oscailt go buan; á athdhearbhú go dtacaíonn sí gan staonadh le réiteach idirbheartaithe dhá stát ar bhonn línte 1967 le dhá stát cheannasacha, dhaonlathacha ina gcónaí taobh le taobh le síocháin agus slándáil ráthaithe, le Iarúsailéim mar phríomhchathair an dá stát, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go | 67. á aithint go bhfuil ceart chun féinchosaint ag Iosrael, mar atá cumhdaithe agus srianta leis an dlí idirnáisiúnta, agus ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, nach mór do ghníomhaíochtaí Iosrael cloí go docht leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á athdhearbhú go dtacaíonn an tAontas go láidir le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé idirdhealú a dhéanamh idir muintir na Palaistíne agus a gcuid mianta dlisteanacha ar thaobh amháin, agus eagraíocht sceimhlitheoireachta Hamas agus a gníomhartha sceimhlitheoireachta ar an taobh eile; á iarraidh go n-osclófar bealaí chun cabhair dhaonnúil a sholáthar do shibhialtaigh i Stráice Gaza agus go gcoinneofaí iad ar oscailt go buan; á athdhearbhú go dtacaíonn sí gan staonadh le réiteach idirbheartaithe dhá stát ar bhonn línte 1967 le dhá stát cheannasacha, dhaonlathacha ina gcónaí taobh le taobh le síocháin agus slándáil ráthaithe, le Iarúsailéim mar phríomhchathair an dá stát, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go |

hiomlán; á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú críochnúil ar an ról atá ag an Iaráin, ag Catar agus ag an Rúis maidir le sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus tacú léi sa réigiún; á chur in iúl go n-easaontaíonn sí go láidir agus go bhfuil díomá uirthi faoi ráitis a rinne Uachtarán na Tuirce le déanaí inar mhaígh sé go héagórach nach eagraíocht sceimhlitheoireachta í Hamas;

hiomlán; á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú críochnúil ar an ról atá ag an Iaráin, ag Catar agus ag an Rúis maidir le sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus tacú léi sa réigiún; á chur in iúl go n-easaontaíonn sí go láidir agus go bhfuil díomá uirthi faoi ráitis a rinne Uachtarán na Tuirce le déanaí inar mhaígh sé go héagórach nach eagraíocht sceimhlitheoireachta í Hamas; ***ag meabhrú na n-imeachtaí a tharla i mí Aibreáin 2002 le linn oibríocht mhíleata Iosrael Defensive Shield, a bhí mar fhreagairt ar shraith ionsaithe sceimhlitheoireachta; á mheabhrú gur maraíodh roinnt mhaith daoine mar gheall ar an bhfreagairt sin; á mheabhrú gur mheas Parlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2002 go raibh an fhreagairt sin díréireach agus gurb ionann timthriall báis a bhuanú agus bac ar shíocháin; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Pharlaimint rún lena n-iarrtar ar an gComhairle 'an Comhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara idir AE agus Iosrael a chur ar fionraí' agus 'trádbhac arm a bhunú ar Iosrael agus ar an bPalaistín araon'; ag meabhrú an phrionsabail a chuirtear in iúl in Airteagal 2 de Chomhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara AE-Iosrael (a síníodh in 1995 tar éis Chomhaontú Osló), lena gcuirtear béim ar an bhfíoras nach mór aon chomhpháirtíocht leis an Aontas Eorpach a bheith ceangailte go bunúsach le tiomantas daingean do chearta an duine; ag meabhrú chinneadh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta an 26 Eanáir 2024, lena ndearbhaítear go bhfuil baol an chinedhíothaithe 'fíor agus ar tí tarlú'; á athdhearbhú go n-éilíonn síocháin inbhuanaithe idir Iosraelaigh agus Palaistínigh idirghabháil réamhghníomhach ó náisiúin atá ina gcairde leis an dá phobal; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún Comhairle Comhlachais AE-Iosrael a thionól go práinneach chun a seasamh a chur faoi bhráid Rialtas Iosrael, ag iarraidh uirthi na rúin is déanaí ó na***

***Náisiúin Aontaithe a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, sa chomhthéacs sin, an Comhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara idir AE agus Iosrael a chur ar fionraí go dtí go mbeidh sos cogaidh fadtéarmach curtha chun feidhme;***

Or. en